

Revenue



Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Treoir d'fhostóirí maidir le dátaí pá agus eisiúintí deireadh bliana a ailíniú.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

1. Cuspóir an doiciméid

Tar éis d'fhostóirí teagmháil a dhéanamh le cur in iúl go bhfuil párolla Nollag agus Eanáir tíolactha go mícheart acu, tugtar treoir d'fhostóirí sa doiciméad seo ar an gcaoi lena dtíolacthaí a réiteach.

2. Párolla Deireadh Bliana

Ní mór aon íocaíochtaí a íocadh le fostaithe i mbliain chánach, is cuma cén uair a rinneadh an obair, a ríomh trí úsáid a bhaint as creidmheasanna na bliana chánach sin atá ar fáil i bhfógra FPCI an fhostaí agus a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim le dáta pá sa bhliain chánach a íocadh.

Dáta Íocaíochta agus Lá Saoire Bainc - aistrithe bainc

Sa chás go dtiteann an lá pá ar lá saoire bainc agus go bhfuil íocaíocht dlite don fhostaí le ríomhaistriú airgid ar an lá sin, measann na Coimisinéirí Ioncaim gur lá pá é an lá saoire bainc. I gcásanna ina ndéantar an íocaíocht le ríomhaistriú airgid, féadfaidh sé gur mian leis an bhfostóir na cistí a chur ar fáil don fhostaí ar an lá gnó deiridh bainc roimh an lá saoire bainc agus an dáta íocaíochta a thuairisciú mar dháta an lá saoire bainc.

Sampla

An gnáthlá pá atá ag fostaí áirithe ná Dé hAoine, 1 Eanáir 2021. Ní fhéadtar an íocaíocht a dhéanamh an 1 Eanáir 2021 toisc nach dáta SEPA/TARGET í, mar sin déanfaidh an fostóir an párolla a phróiseáil agus a thuairisciú leis an dáta pá 1 Eanáir 2021, agus cuirfidh siad creidmheasanna/bandaí rátaí le haghaidh Sheachtain Chánach 1 de 2021 i bhfeidhm, agus déanfaidh siad an íocaíocht Déardaoin, 31 Nollaig 2020.

Réamhíocaíochtaí/íocaíochtaí saoire

Is iad na creidmheasanna cánach/bandaí ráta a shocraítear in aghaidh aon 'phá saoire' a íoctar roimh ré ná na cinn sin amháin a bhaineann leis an tseachtain chánach ioncaim agus an bhliain chánach ina ndéantar an íocaíocht leis an bhfostaí.

Ag deireadh na bliana oibríonn roinnt fostóirí párolla mar is gnách, agus roghnaíonn cuid eile acu párolla a oibriú roimh ré chun go seachnófaí an párolla a reáchtáil thar thréimhse na saoire. Roghnaíonn fostóirí eile íoc as íocaíochtaí atá dlite don Eanáir ina dhiaidh sin roimh ré agus d'fhéadfadh impleachtaí cánach a bheith ann dóibh sin.

- **Bíonn na seachtainí réamhíochta uilig taobh istigh den bhliain chánach chéanna.** Má tá an fostóir ag íoc pá saoire nó gnáthphá roimh ré i rith mhí na Nollag áit a bhfuil na seachtainí roimh ré uile i mí na Nollag, féadfar na creidmheasanna cánach/banda rátaí do na seachtainí sin a úsáid.
- **Próiseáil seachtainí roimh ré agus íoctar i mblianta chánach ar leithligh iad.** Ar chúiseanna oibríochta agus le cinntiú go mbaintear an cháin cheart ón bhfostaí, agus chun gearríocaíocht cánach a sheachaint, féadfaidh an fostóir párolla a oibriú roimh ré chun seachtain amháin a phróiseáil agus a íoc i mí na Nollag agus an párolla a oibriú arís ina dhiaidh sin chun an íocaíocht le haghaidh Eanáir a phróiseáil i mí na Nollag agus an íocaíocht leis an bhfostaí a réamhsceidealú le haghaidh dáta i mí Eanáir. Ar an gcaoi seo oibrítear an párolla roimh ré, ach ní fhaigheann an fostaí íocaíocht Eanáir go dtí an bhliain dar gcionn agus gearrtar cáin air i gceart.

- Cuimsíonn seachtainí réamhíoctha dhá bhliain chánach. Gearrtar cáin ar an bpá uile sa bhliain a fhaightear é agus ní fhéadann an fostóir na creidmheasanna cánach ón mbliain chánach sin a úsáid ach amháin má bhaineann an pá leis an am a oibríodh sa bhliain chánach ina dhiaidh sin.

D'fhéadfadh glanphá níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis a bheith mar thoradh air seo i mí na Nollag toisc nach bhfuil an fostóir in ann aon cheann de chreidmheasanna cánach Eanáir a úsáid le haghaidh íocaíocht mhí na Nollag. Ós rud é nach mbeidh aon phá i seachtain chánach 1 de mhí Eanáir ina dhiaidh sin, beidh creidmheasanna na seachtaine sin ar fáil i seachtain chánach 2 de 2021, nó an tseachtain ina dhiaidh sin, rud a fhágann go mbeidh glanphá níos airde ag an bhfostaí.

Sampla – Pá thar dhá bhliain chánach agus an Déardaoin an lá pá in 2021

Go hiondúil, íoctar an fostaí gach Déardaoin in 2021. Is mian leis an bhfostóir dhá sheachtain pá a íoc ar an Déardaoin 30 Nollaig 2021 i ndáil le laethanta pá Déardaoin 30 Nollaig 2021 agus Déardaoin 6 Eanáir 2022 mar gheall go bhfuil an gnó dúnta thar an Nollaig.

- Ní mór go gcuireann an fostóir seachtain amháin de chreidmheasanna/bandaí ráta i bhfeidhm ar an íocaíocht a rinneadh an 30 Nollaig 2021. Níor chóir don tíolacadh párolla ach aon seachtain inárachaithe amháin a thuairisciú maidir leis an íocaíocht seo, is é sin Seachtain 52 in 2021.
- Nuair a íoctar an fostaí ar an Déardaoin 13 Eanáir 2022 (Seachtain 2), ba chóir go mbeadh an ríomh bunaithe ar sheachtain íocaíochta 2 de 2022 agus gheobhaidh fostaí, ar bhonn carnach, tairbhe creidmheasanna/bandaí ráta an chéad dhá sheachtain sin i leith 2022.

I dtéarmaí ÁSPC, ós rud é nach n-íoctar an fostaí i Seachtain 1 de 2022 (7 Eanáir 2022), ba chóir ceann amháin de na roghanna seo a leanas a úsáid chun na seachtainí inárachaithe chun críocha ÁSPC 2022 a thairfeadh i gceart:

- Féadann an fostóir tíolacadh párolla le luach pá "NIALASACH" a thíolacadh i Seachtain 1 (6 Eanáir 2022) a léiríonn 1 seachtain inárachaithe

Nó

- Féadann an fostóir 2 sheachtain inárachaithe (ÁSPC) a thuairisciú ar an tíolacadh párolla i leith an dáta pá le haghaidh Sheachtain 2 (Déardaoin 13 Eanáir 2022). Tá sé riachtanach nach léiríonn gach tíolacadh párolla seachtainiúil dá éis sin ach 1 seachtain inárachaithe.

3. Fostóirí a rinne íocaíochtaí le fostaithe in aon bhliain chánach amháin agus a thuairiscigh na híocaíochtaí seo le dáta pá sa bhliain chánach dá éis sin.

Má rinne an fostóir íocaíocht i mí na Nollag agus má thuairiscigh sé an íocaíocht an Eanáir dá éis sin, ní thagann an cleachtas seo leis an reachtaíocht agus na rialacháin ÍMAT agus ní mór é a réiteach láithreach. Féadfaidh fostóirí a bpacáiste párolla nó ROS a úsáid chun na leasuithe is gá a dhéanamh ar thíolacthaí párolla mhí na Nollag agus Eanáir ionas go léireoidh a dtíolacthaí párolla na híocaíochtaí a rinneadh i gceart:

- Ní mór go léiríonn an tíolacadh párolla mhí na Nollag na híocaíochtaí agus asbhaintí iarbhír a rinneadh sa bhliain chánach sin agus líon na seachtainí inárachaithe a d'oibrigh an fostaí sa tréimhse bliana cánach sin a léiriú.
- Ní mór an tíolacadh párolla don mhí Eanáir dá éis sin na híocaíochtaí agus na hasbhaintí iarbhír a rinneadh sa bhliain chánach nua a léiriú agus líon na seachtainí inárachaithe a d'oibrigh an fostaí sa tréimhse bliana cánach nua a léiriú.

Má rinne an fostóir an párolla a ríomh ag úsáid creidmheas a bhain le mí Eanáir ach rinneadh an íocaíocht i mí na Nollag, mar thoradh ar roghnú íocaíochtaí breise a dhéanamh leis an bhfostaí i mí na Nollag, tá sé dóchúil go mbaineadh an tsuim mícheart cánach don fhostaí i mbliain chánach na híocaíochta. Ní mór don fostóir na fostaithe a chur ar an eolas chun áis na gCoimisinéirí Ioncaim, moChúrsaí, a úsáid chun a dtuairisceáin phárolla a fheiceáil agus a dtuairisceán cánach deireadh bliana a chomhlánú chun aghaidh a thabhairt ar aon dliteanas cothromaíochta nó aisíocaíochta deireadh bliana a bheidh dlite.